

DON SCRÚDAITHEOIR

SCRÚDUIMHIR:

Iomlán na  
Marcanna


## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

MATAMAITIC – BONNLEIBHÉAL – (300 marc)


DÉARDAOIN, 5 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 GO DTÍ 11.30

Am: 2 uair an chloig

Freagair **GACH** ceist. Gabhann 50 marc le gach ceist.

**Ba chóir freagraí agus obair thacaíochta a scríobh isteach sna boscaí atá ann chuige.**

**Féadfar leathanaigh agus grafpháipéar sa bhreis a fháil ón bhFeitheoir, más gá.**

Cuireann an tsiombail  in iúl go mba chóir duit obair thacaíochta a thaispeáint chun lánmharcanna a ghnóthú.

Déanamh agus sórt an áireamháin a úsáideadh:

Don Fheitheoir/Scrúdaitheoir amháin:

Stampa an Ionaid

Ceist	Marc
1	
2	
3	
4	
5	
6	
Iomlán	
Bónas don Ghaeilge	
Móriomlán	
Grád	

1. (a)

(i)  $34 + 26 =$

(ii)  $34 \times 26 =$

(b)

(i) Cé acu an uimhir is mó, 4286 nó 4826?

(ii) Scríobh síos an uimhir ceithre luibhean is mó is féidir a chumadh trí na luibhne uile 4, 2, 8, 6 a úsáid.

(c) (i) Faigh an costas iomlán díobh seo

Ticéad bus amháin @ €8.00

Dlúthdhiosca amháin @ €13.50

Dhá thicéad do choirm cheoil @ €15.60 an ceann

Dhá tee léine @ €8.50 an ceann

 Ticéad bus: €8.00 × 1 =

Dlúthdhiosca: €13.50 × 1 =

Ticéid: €15.60 × 2 =

Tee léinte: €8.50 × 2 =

\_\_\_\_\_


Iomlán =

**Leantar le cuid (c) ar an gcéad leathanach eile**

(c) (ii) Íocaim le ceithre nóta €20. Cad é an tsóinseáil a fhaighim?




2. (a)



(b) (i) Gan áireamhán a úsáid chuige, scríobh  $\frac{1}{4} + \frac{2}{5}$  mar chodán singil.




(ii) Scríobh  $\frac{4}{7}$  mar dheachúl, ceart go dtí dhá ionad de dheachúlacha.



Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile

- (c) Do cheannaigh mé seanrothar ar €40. Do chaith mé €10 ar é a dheisiú.  
Dhíol mé an rothar ar €70.



(i) Ríomh an méid iomlán airgid a chaith mé.




(ii) Ríomh an brabús a rinne mé nuair a dhíol mé an rothar.



(iii) Sloinn an brabús a rinne mé mar chéatadán den mhóriomlán a chaith mé.

3. (a) Déantar duais €72 a roinnt go cothrom idir sheisear. Cé mhéad a fhaigheann gach duine acu?




- (b) Taispeántar thíos an líon cúl a chuir gach aon cheann de 20 foireann amach:

2	4	1	0	3
3	2	0	3	3
3	2	2	1	2
1	3	2	0	3

- (i) Comhlánaigh an tábla thíos:

Cúil a cuireadh amach	0	1	2	3	4
Líon na bhfoirne		3			

- (ii) Faigh an meánscór in aghaidh na foirne.



Leantar le cuid (b) ar an gcéad leathanach eile

**(iii)** Cén codán de na foirne a chuir dhá chúl go beacht amach?



**(c)** Fiafraíodh de 60 duine an dath a bhí ar a gcuid carranna. Dath dearg a bhí ar 35 díobh, dath gorm ar 20 díobh agus dath glas ar an gcuid eile díobh.


Rianaigh píchairt chun an fhaisnéis sin a léiriú.




4. (a) D'imigh mé ar scoil ar 07:54. Thóg sé 45 nóiméad orm an scoil a shroicheadh. Cén t-am a bhí ann nuair a shroich mé an scoil?

- (b) Gabhann carr 150 km i 2.5 uair an chloig.

- (i) Faigh meánluas an chairr i km/hr.




- (ii) Cén fad slí a ghabhann an carr i 5 uair an chloig faoin luas sin?




**Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile**

(c) Tá ga ciorcail cothrom le 3 cm.

(i) Scríobh síos fad an trastomhais.




(ii) Ag glacadh le  $\pi = 3.142$ , faigh fad imlíne an chiorcail.






5. (a) Faigh luach  $3x + 2$  nuair  $x = 4$ .



A large empty rectangular box for writing the answer to question 5(a).


- (b) (i) Réitigh le haghaidh  $x$ :



$x + 5 = 12$

A large empty rectangular box for writing the solution to question 5(b)(i). The equation  $x + 5 = 12$  is written in the top right corner.

- (ii) Réitigh le haghaidh  $x$ :




$3(x - 1) = 9$

A large empty rectangular box for writing the solution to question 5(b)(ii). The equation  $3(x - 1) = 9$  is written in the top right corner.


**Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile**

(c) (i) Ag glacadh le  $y = 2x - 1$ , comhlánaigh an tábla thíos:


$x$	1	2	3	4
$y$			5	




(ii) Rianaigh graf  $y = 2x - 1$  ó  $x = 1$  go dtí  $x = 4$ .



6. (a) Ríomh an luach ar  $x$  sa léaráid.




- (b) Tóg íomhá an triantáin faoin tsiméadracht aiseach sa líne  $L$ .



Tá cuid (c) ar an gcéad leathanach eile


- (c) (i) Tóg an triantán  $abc$ , áit a bhfuil  $|ab| = 7$  cm,  $|ac| = 5$  cm agus  $|\angle bac| = 60^\circ$ .



- (ii) Tomhais fad an tsleasa  $[bc]$ .

Fad  $[bc] =$

## Spás d'obair bhreise



## **Spás d'obair bhreise**

## **Spás d'obair bhreise**

## **Spás d'obair bhreise**